COISTE COMHAIRLEACH DON GHAEILGE: TUAIRISC 2022

IRISH LANGUAGE ADVISORY COMMITTEE: 2022 REPORT

Réamhrá

Cúlra

Bunaíodh an Coiste Comhairleach don Ghaeilge ("an Coiste") i mhí Aibreáin 2019 mar thionscnamh de chuid Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge BAI. Is é aidhm an Choiste tionscnaimh a fhorbairt agus a chur chun cinn a chuirfidh leis an méid Gaeilge a bheidh ar an raidió agus ar an teilifís araon. Tacaíonn na tionscnaimh sin le baint amach na gcúig Phríomhsprioc den Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge.

Ballraíocht

Tá BAI agus Foras na Gaeilge ina gcomhchathaoirligh ar an gCoiste. Ar na baill tá ionadaithe ó RTÉ, TG4, CRAOL, IBI, Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann agus Oireachtas na Gaeilge. Ag deireadh 2021, d'éirigh na baill seo a leanas as an gCoiste: Anna Davitt (comhchathaoirleach Fhoras na Gaeilge); Máirín Nic Dhonnchadha (Oireachtas na Gaeilge); Muiris Ó Fiannachta (CRAOL). Mhol na heagraíochtaí ábhartha baill eile, agus ba iad seo a leanas ionadaithe 2022:

- Fionnuala Murphy (BAI) comhchathaoirleach
- Shane Ó hEidhin (Foras na Gaeilge) comhchathaoirleach
- Sara McNamara (BAI)
- Colm Ó hArgáin (Foras na Gaeilge)
- Louise Ní Dháibhéid (Oireachtas na Gaeilge)
- Niamh Ní Churnáin (RTÉ)
- Lís Ní Dhálaigh (TG4)
- Cuan Ó Seireadáin (CRAOL)
- Teresa Quinn (CRAOL)
- Eimear Ní Bhraonáin (IBI)
- Lisa Ní Choisdealbha (IBI)*
  *D'éirigh Lisa as an gCoiste le linn 2022
- Maggie Breathnach (LSÉ)

Introduction

Background

The Irish Language Advisory Committee ("the Committee") was established in April 2019 as an initiative of the BAI Irish Language Action Plan. The aim of the Committee is to develop and promote initiatives that will help increase the levels of Irish available to audiences on both radio and television. These initiatives support the achievement of the five Key Objectives of the Irish Language Action Plan.

Membership

The Committee is co-chaired by the BAI and Foras na Gaeilge. Membership also includes representatives from RTÉ, TG4, CRAOL, IBI, SPI and Oireachtas na Gaeilge. At the close of 2021, the following members retired from the Committee: Anna Davitt (Foras na Gaeilge co-chair); Máirín Nic Dhonnchadha (Oireachtas na Gaeilge); Muiris Ó Fiannachta (CRAOL). Alternative members were recommended by the relevant organisations, and representation for 2022 was as follows:

- Fionnuala Murphy (BAI) co-chair
- Shane Ó hEidhin (Foras na Gaeilge) co-chair
- Sara McNamara (BAI)
- Colm Ó hArgáin (Foras na Gaeilge)
- Louise Ní Dháibhéid (Oireachtas na Gaeilge)
- Niamh Ní Churnáin (RTÉ)
- Lís Ní Dhálaigh (TG4)
- Cuan Ó Seireadáin (CRAOL)
- Teresa Quinn (CRAOL)
- Eimear Ní Bhraonáin (IBI)
- Lisa Ní Choisdealbha (IBI)*
  *Lisa retired from the Committee during 2022
- Maggie Breathnach (SPI)

COISTE COMHAIRLEACH DON GHAEILGE: TUAIRISC 2022

IRISH LANGUAGE ADVISORY COMMITTEE: 2022 REPORT

D'fhreastail Clare Diamond, Leas-Phríomhfheidhmeannach an BAI ar chruinnithe freisin, agus chuir Caroline Keville (BAI) agus Lorna Ní Fhaogáin (Foras na Gaeilge) tacaíocht riaracháin ar fáil ag cruinnithe.	Clare Diamond, Assistant CEO of the BAI also attended meetings, and Caroline Keville (BAI) and Lorna Ní Fhaogáin (Foras na Gaeilge) provided administrative support at meetings.
Tuairisciú Cuireann an Coiste tuairisc achomair i scríbhinn faoi bhráid Údarás an BAI agus Bord Fhoras na Gaeilge ar bhonn bliantúil.	**Reporting** The Committee reports to the BAI Authority and to the Board of Foras na Gaeilge in the form of a summary written report on an annual basis.
Cruinnithe Socraíodh cruinnithe ar bhonn ráithiúil do 2022. Reáchtáladh na cruinnithe go hibrideach (i láthair go pearsanta / ar líne) agus tharla siad ar na dátaí seo a leanas: • an 23 Márta 2022 • an 22 Meitheamh 2022 • an 14 Meán Fómhair 2022 • an 7 Nollaig 2022	**Meetings** Meetings were scheduled on a quarterly basis for 2022. Meetings were conducted in hybrid format (in person/online) and took place on the following dates: • 23 March 2022 • 22 June 2022 • 14 September 2022 • 7 December 2022
## Achoimre ar Ghníomhaíochtaí 2022 Díríodh ar na gníomhaíochtaí seo a leanas mar réimsí fócais do 2022: • Taighde chun iniúchadh a dhéanamh ar an spéis atá ann, agus ar an bhféidearthacht a bhaineann le seirbhís raidió Gaeilge do dhaoine óga idir 15-34 bliana d'aois. • Deiseanna agus acmhainní Gaeilge a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais earnála. • Eolas a roinnt ar nuacht ón earnáil agus ar an bhféidearthacht do thionscnaimh a mbeadh á gcomhreáchtáil ag na balleagraíochtaí.	## Summary of Activities 2022 The following activities were targeted as areas of focus for 2022: • Research to explore interest in, and the potential for, an Irish-language radio service for young people aged 15-34. • Promoting Irish Language opportunities and resources to address sectoral needs. • Sharing information on news from the sector and the potential for collaborative initiatives being run by member organisations.

COISTE COMHAIRLEACH DON GHAEILGE: TUAIRISC 2022

IRISH LANGUAGE ADVISORY COMMITTEE: 2022 REPORT

1. Taighde chun iniúchadh a dhéanamh ar an spéis atá ann, agus ar an bhféidearthacht a bhaineann le seirbhís raidió Gaeilge do dhaoine óga idir 15-34 bliana d'aois:	**1. Research to explore interest in, and the potential for, an Irish-language radio service for young people aged 15-34:**
Ceann dos na ceisteanna atá an Coiste Comhairleach don Ghaeilge ag cíoradh le fada ná iniúchadh a dhéanamh ar an spéis a mbeadh ann, agus ar an bhféidearthacht a bhainfeadh le samhail hibrideach de stáisiún raidió Gaeilge do dhaoine óga (.i. trí FM agus craolachán digiteach); in 2021, mhol an Coiste Comhairleach don Ghaeilge go ndéanfaí taighde neamhspleách chun iniúchadh a dhéanamh ar an spéis atá ann, agus an féidearthacht le haghaidh, seirbhís raidió hibrideach Gaeilge lánaimseartha atá dírithe ar an lucht éisteachta idir 15-34 bliain d'aois in Éirinn. Choimisiúnaigh an BAI i gcomhpháirtíocht le Foras na Gaeilge agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán taighde dhá-pháirteach (cainníochtúil agus cáilíochtúil) agus rinneadh an obair seo le linn 2022.	One of the ongoing activities of the Irish Language Advisory Committee has been to explore interest in, and the potential for, a hybrid model Irish language youth radio station (i.e., via FM and digital broadcasting); in 2021, the Irish Language Advisory Committee recommended that independent research be undertaken to explore the interest in, and potential for, a hybrid Irish-language full-time radio service for young people aged 15-34 in Ireland. A two-phased (qualitative and quantitative) research project was commissioned by the BAI in partnership with Foras na Gaeilge and the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sports and Media and this work was carried out in 2022.
I dtaighde **Chéim 1**, iarradh tuairimí **sampla ionadaíoch náisiúnta den aoisghrúpa 15-34 in Éirinn** ar raon ábhar agus ceisteanna a bhaineann le héileamh, ábhar agus rochtain ar sheirbhís raidió Gaeilge. Rinne Ipsos MRBI taighde ar Chéim 1, agus bhí na nithe seo a leanas san áireamh:	**Phase 1** research sought the views of **a national representative sample of the 15-34 age group in Ireland** on a range of topics and questions relevant to demand for, content of, and access to, an Irish language radio service. Phase 1 research was undertaken by Ipsos MRBI, and included the following:
1. *Suirbhé cainníochtúil*: Ceistíodh 600 duine óg idir 15-34 bliain d'aois trí shuirbhé Omnipoll. Bhí ceisteanna an tsuirbhé dírithe ar ídiú raidió, ar spreagthaí éisteachta, agus ar spéis a d'fhéadfadh a bheith i measc an lucht éisteachta i gcoitinne (go príomha iad siúd nach bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga acu) i seirbhís nua Ghaeilge. Áiríodh sa suirbhé freisin ceist faoi inniúlacht sa Ghaeilge.	1. *Quantitative survey:* 600 young people aged 15-34 were questioned via an Omnipoll survey. The survey questions focused on radio consumption, motivations to listen, and potential interest among the general youth audience (mainly those who do not speak Irish as their first language) in a new Irish language service. The survey also included a question on proficiency in the Irish language.
2. *Athbhreithniú ar shonraí JNLR agus Sonraí Tánaisteacha Eile:* Tugadh faoi athbhreithniú	2. *Review of JNLR and Other Secondary Data:* A review of other secondary data was undertaken to consider the wider context of

ar shonraí tánaisteacha eile chun comhthéacs níos leithne ar ídiú fuaime i measc an spriocghrúpa 15-34 a mheas trí anailís a dhéanamh ar threochtaí éisteachta JNLR. Cuireadh leis seo an anailís is déanaí ar shonraí úsáide ardán i measc an spriocghrúpa agus treochtaí sa mhargadh fuaime níos leithne. Soláthraíodh an tuarascáil deiridh i mí na Samhna 2022 agus tá sé le foilsiú go luath in 2023.	audio consumption among the 15-34 target audience via an analysis of JNLR listening trends. This was supplemented by the most up to date analysis of platform usage data among the target group and trends in the broader audio market. The final report was delivered in November 2022 and is due for publication in early 2023.
I dtaighde **Céim 2** scrúdaíodh tuairimí **chroí-lucht éisteachta beartaithe na seirbhíse**, .i., cainteoirí dúchais agus líofa Gaeilge agus/nó iad siúd a bhfuil inniúlacht an-mhaith acu sa Ghaeilge a mbeadh rochtain acu ar na meáin Ghaeilge ar bhonn rialta (15-34 bliain d'aois), agus rinneadh iniúchadh níos mine ar an gcineál ábhair fuaime a bhfuil suim ag an aoisghrúpa seo ann. Rinne Bricolage taighde ar Chéim 2, agus áiríodh ar na gníomhaíochtaí: 1. *Taighde deisce agus Iniúchadh Catagóire*: iniúchadh ar shruthanna éagsúla meán (Raidió Gaeilge, Podchraoltaí Gaeilge, Raidió Náisiúnta/Idirnáisiúnta, Podchraoltaí & Sruthanna) chun Forbhreathnú Catagóire a fháil ar réimse an ábhair fuaime in 2022. 2. *Agallaimh le Saineolaithe*: Reáchtáladh agallaimh le seisear saineolaithe ó earnáil na meán cumarsáide chun dearcadh gairmiúil a fháil ar thírdhreach fuaime na Gaeilge agus na deiseanna forbartha amach anseo. 3. *Staidéar Cáilíochtúil Eitneagrafaíochta ar Éisteoirí Óige*: Rinne Bricolage fócas-staidéar ina raibh 19 rannpháirtí a raibh Gaeilge acu (meascán de cheantair tuaithe agus uirbeacha / Ghaeltachta agus neamh-Ghaeltachta / aoisghrúpaí 18-26 agus 27-34 / cainteoirí dúchais agus neamhdhúchais ach líofa sa Ghaeilge / meascán de staideanna maireachtála (m.sh., coláiste, ag obair, ag maireachtáil le teaghlach/cairde). Thug na	**Phase 2** research explored the views of the **intended core audience of the service** i.e., native and fluent Irish speakers and/or those with a very good competency in Irish who would access Irish language media on a regular basis (aged 15-34) and explored in more detail the type of audio content that this age group is interested in. Phase 2 research was undertaken by Bricolage, and activities included: 1. *Desk research and Category Audit:* an audit on various streams of media (Irish Language Radio, Irish Language Podcasts, National/International Radio, Podcast, & Streams) to obtain a Category Overview of the world of audio content in 2022. 2. *Expert Interviews:* Interviews were conducted with six experts from the media sector to get a professional perspective on the Irish language audio landscape and opportunities for future development. 3. *Ethnographic Qualitative Study of Youth Listeners:* Bricolage carried out a focus study involving 19 Irish-speaking participants (mix of rural and urban / Gaeltacht and non-Gaeltacht / age brackets 18-26 and 27-34 / native speaker and non-native but fluent in Irish / mix of living situations (e.g., college, working, living with family/friends). Participants undertook 5 days of online ethnographic tasks to provide information on:

rannpháirtithe faoi 5 lá de thascanna eitneagrafacha ar líne chun faisnéis a sholáthar maidir leis na nithe seo a leanas: a gcúinsí baile, a ndóchas, a luachanna agus a stíleanna maireachtála, úsáid reatha na meán, cad a mbeadh á lorg acu i gclár raidió den scoth, agus a gcuid smaointe ar bhearnaí sna meáin Ghaeilge agus Bhéarla. Roghnaíodh seisear rannpháirtí le haghaidh agallaimh leantacha chun a gcuid freagraí a fhiosrú ar bhonn níos mine agus chun léargais níos saibhre a fháil.

Soláthraíodh an tuarascáil deiridh i mí na Nollag 2022 agus tá sé le foilsiú go luath in 2023.

Na chéad chéimeanna eile: Tá tuarascálacha Chéim 1 agus Chéim 2 breithnithe ag an gCoiste agus foilseofar iad i Ráithe 1, 2023.

2. Deiseanna agus acmhainní Gaeilge a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais earnála:

Ag cruinniú mhí an Mhárta, bhí plé ag na baill ar riachtanais/bearnaí reatha san earnáil agus bhreathnaigh siad ar bhealaí éagsúla ina bhféadfadh baill an Choiste oibriú le chéile chun tosaíocht a thabhairt don Ghaeilge agus í a chur chun cinn san earnáil. Cruthaíodh doiciméad oibre chun smaointe agus gníomhaíochtaí a liostú a d'fhéadfaí a chur chun cinn le linn 2022. Seo thíos sonraí ar roinnt gníomhartha a rinneadh:

Aithníonn na baill nach mór daoine le scileanna Gaeilge a mhealladh isteach san earnáil chraolacháin agus scileanna na gcriúnna atá ann cheana féin a fhorbairt.

- I mhí Iúil 2022 d'fhógair TG4 scéimeanna maoinithe chun tacú le daoine nua cumasacha in earnáil na meán in Éirinn. Tá **Céim Eile** dírithe ar dhrámaíocht teilifíse réamhscriptithe a fhorbairt, tacóidh **Tús** le gearrscannánóirí agus tá scéim nua

their home situations, hopes, values and lifestyles, current media diet, what they might look for in the ideal radio show, and their thoughts on Irish language and English media gaps. Six participants were selected for follow up interviews to explore their responses in greater detail and to obtain richer insights.

The final report was delivered in December 2022 and is due for publication in early 2023.

Next steps: Phase 1 and Phase 2 reports have been considered by the Committee and will be published in Quarter 1, 2023.

2. Promoting Irish Language opportunities and resources to address sectoral needs:

At the March meeting, members had a discussion regarding current needs/gaps in the sector and looked at various ways the Committee could work together to prioritise and promote Irish language in the industry. A working document was created to list ideas and activities that could be furthered in the course of 2022. Below are details on some actions taken:

Members acknowledge the need to attract people with Irish language skills into the broadcasting sector and to develop the skills of existing crews.

- In July 2022 TG4 announced funding schemes that will support new talent in the Irish media sector. **Céim Eile** is aimed at developing TV scripted drama, **Tús** will support short filmmakers and a new factual short film scheme is also in the pipeline. The schemes are funded by TG4 in association with Screen Ireland and Northern Ireland Screen's Irish Language Broadcast Fund.

fhíorasach gearrscannáin ar na bacáin chomh maith. Tá na scéimeanna maoinithe ag TG4 i gcomhar le Fís Éireann agus Ciste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann. • Reáchtáil TG4 cúrsa i scileanna ginearálta teilifíse agus cúrsa i scileanna léiriúcháin. Fógraíonn an stáisiún deiseanna Oiliúna & Forbartha ar a shuíomh Gréasáin freisin. • Taispeánadh tionscadail comhpháirtíochta '**Glúin Nua'** TG4/BAI/Údarás na Gaeltachta ag Fleadh Scannán na Gaillimhe i mí Iúil agus tá siad ar fáil ar ardáin TG4 ar líne. Tá an tionscadal seo fós ar siúl agus tá an tsraith deiridh le bheith críochnaithe go luath. • Bhí **Iriseoirí an Lae Amárach**, an cúrsa ar líne san iriseoireacht do mhic léinn na hidirbhliana, á reáchtáil ag TG4, Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus Nuacht RTÉ le linn 2022. Ar an gcúrsa, spreagtar daoine óga chun gairm na hiriseoireachta i réimsí teilifíse, raidió agus Digití. • Chuir Foras na Gaeilge deiseanna gairme le Gaeilge chun cinn do chéimithe 3ú leibhéal ag aonach gairmeacha GradIreland san RDS i mí Mheán Fómhair. Tugann treoirleabhar tiomnaithe **'Do Ghairm le Gaeilge'** comhairle ghairmeacha do chéimithe a bhfuil scileanna Gaeilge acu agus cothaítear gairm bheatha in earnáil na Meán. • Gheall an BAI mic léinn 3ú leibhéal a chur ar an eolas faoi ghairmeacha Gaeilge i dtionscal na craoltóireachta agus an **Scéim Fuaime & Físe** á cur chun cinn sna coláistí. • Sheol Foras na Gaeilge, le tacaíocht ó RTÉ, an feachtas meantóireachta '**Creidim Ionat**' i mí Dheireadh Fómhair 2022, inar thug daoine ardphróifíle faoina gcuid Gaeilge a fheabhsú thar roinnt seachtainí. Spreagadh baill den phobal páirt a ghlacadh freisin.	• TG4 ran a course in general television skills and a course in production skills. The station also advertises Training & Development opportunities on its website • TG4/BAI/Údarás na Gaeltachta partnership '**Glúin Nua**' projects were showcased at the Galway Film Fleadh in July and are available via TG4 online platforms. This project is still ongoing with the final series due for completion shortly. • **Iriseoirí an Lae Amárach**, the online course in journalism for transition year students, was run by TG4, University of Ireland Galway and RTÉ News in 2022. The course encourages young people to consider a journalism career in the areas of TV, radio and Digital. • Foras na Gaeilge promoted Irish language career opportunities for 3rd-level graduates at the GradIreland careers fair at the RDS in September. A dedicated guide **'Do Ghairm le Gaeilge'** offers careers advice to graduates with Irish Language skills and promotes careers in the Media sector. • BAI undertook to inform 3rd-level students about Irish-language careers in the broadcasting industry when the **Sound & Vision Scheme** is being promoted in colleges. • Foras na Gaeilge, with support from RTÉ, launched the mentorship campaign '**Creidim Ionat**' in October 2022, in which high profile personalities committed to improve their Irish over a number of weeks. Members of the public were also encouraged to take part.

COISTE COMHAIRLEACH DON GHAEILGE: TUAIRISC 2022

IRISH LANGUAGE ADVISORY COMMITTEE: 2022 REPORT

Tugadh aghaidh go sonrach ar riachtanais na hearnála raidió freisin.	Radio sector needs were also specifically addressed.
• Tá dhá thionscnamh á reáchtáil ag Oireachtas na Gaeilge faoi láthair, le tacaíocht mhaoinithe ón BAI, chun forbairt scileanna Gaeilge a chur chun cinn agus cruthú ábhar nua Gaeilge a spreagadh: ○ **Scéim Mheantóireachta do Láithreoirí**: Cuirfear láithreoirí i stáisiúin tráchtála nó pobail ar mhaith leo a scileanna cur i láthair Gaeilge a fhorbairt le chéile le meantóir oilte a thabharfaidh comhairle agus tacaíocht leanúnach dóibh. ○ **Sraith ceardlainne do scríbhneoirí**: Cabhróidh na ceardlanna le scríbhneoirí scripteanna drámaíochta a fhorbairt i nGaeilge. Tá comórtas á reáchtáil i dtaobh leis na ceardlanna, ina ndéanfar na 3 script is fearr a léiriú agus a dhéanamh ina ndrámaí raidió. Cuirfear na cláir seo ar fáil saor in aisce do stáisiúin le haghaidh craolta. • Le linn 2022, lean Oireachtas na Gaeilge leis na stáisiúin thráchtála agus phobail a spreagadh chun clárú le **Gaelpro Raidió** ionas gur féidir leo úsáid a bhaint as na hacmhainní saor in aisce atá ar fáil, lena n-áirítear an bunachar sonraí earcaíochta **Eolaire** agus an **Lárionad Faisnéise** le hacmhainní Gaeilge (cúrsa féinfhoghlaim na Gaeilge do láithreoirí; liostaí frásaí úsáideacha; naisc chuig acmhainní eile, srl.) • Thaispeáin an BAI agus an tOireachtas na hacmhainní thuas do stáisiúin IBI mar chuid de sheisiún faisnéise i seimineár ar an 8 Meitheamh 2022. • Tá CRAOL agus IBI ag obair leis an BAI chun liosta teagmhálaithe stáisiúin a chur le chéile ar féidir dul i gcomhairle leo maidir le cúrsaí Gaeilge. • Mar thionscnamh do 2022 chuir an Coiste buiséad beag ar fáil ionas go bhféadfaí **ceardlann Gaeilge** a fhorbairt agus a leathadh amach chuig stáisiúin CRAOL. Bhí an cheardlann dírithe ar oibrithe deonacha	• Oireachtas na Gaeilge, with funding support from BAI, is currently running two initiatives to promote Irish language skills development and encourage the creation of new Irish language content: ○ **Mentorship Scheme for Presenters**: Presenters in commercial or community stations who would like to develop their Irish language presentation skills will be paired up with a seasoned mentor who will provide them with ongoing advice and support. ○ **Workshop series for writers:** The workshops will help writers to develop drama scripts as Gaeilge. A competition is being run alongside the workshops, whereby the best 3 scripts will be produced and made into radio plays. The resultant programmes will be made available for free to stations for broadcast. • Throughout 2022, Oireachtas na Gaeilge continued its drive to encourage commercial and community stations to register with **Gaelpro Raidió** so that they can utilise the free resources on offer, including the **Eolaire** recruitment database and the **Central Information Hub** with Irish Language resources (self-learn Irish course for presenters; lists of useful phrases; links to other resources, etc.) • BAI and Oireachtas showcased the above resources to IBI stations as part of a webinar information session on 8 June 2022. • CRAOL and IBI are working with BAI to put together a list of station contacts who can be consulted regarding Irish Language matters. • As an initiative for 2022 the Committee made a small budget available so that an **Irish Language workshop** could be developed and rolled out to CRAOL stations. The workshop was aimed at station volunteers (Irish Language beginners) to encourage and

sna stáisiúin (tosaitheoirí Gaeilge) chun iad a spreagadh agus chun cabhrú leo a gcuid ábhar Gaeilge féin a chruthú. Bhí an cheardlann ar siúl ar an 24 Samhain 2022 agus ba í an craoltóir Gaeilge Sinéad Ní Uallacháin a chuir i láthair í. Ghlac na rannpháirtithe go maith leis agus beidh sé mar bhonn d'fhorbairt scileanna Gaeilge sa todhchaí.	help them to create their own Irish language content. The workshop took place on 24 November 2022 and was delivered by Irish language broadcaster Sinéad Ní Uallacháin. It was well received by participants and will form the basis for further Irish language skills development in the future.
3. Eolas a roinnt ar nuacht ón earnáil agus ar an bhféidearthacht do thionscnaimh a mbeadh á gcomhreáchtáil ag na balleagraíochtaí:	**3. Sharing information on news from the sector and the potential for collaborative initiatives being run by member organisations:**
Cruthaíodh nuachtlitir le scaipeadh idir na baill in 2022 ionas go bhféadfaí eolas ar thionscnaimh na mball a chur i dtoll a chéile agus a scaipeadh ar bhealach níos soléite agus níos físiúla. Eisíodh trí eagrán in 2022, agus déanfar tuilleadh forbartha ar fhormáid, ar mhinicíocht agus ar fhócas na nuachtlitreach in 2023. I measc bhuaicphointí 2022 bhí: • Eolas ar scéimeanna maoinithe atá ar fáil do bhaill, mar shampla: - Ciste Tionscadail Fhoras na Gaeilge - Scéim Fuaime & Físe an BAI agus Babhtaí do 2022 - Scéim Gnó de chuid Glór na nGael • Éachtaí na Gaeilge ar an stáitse idirnáisiúnta - Rath ar na scannáin Ghaeilge An Cailín Ciúin, Róise & Frank - Úrscéal Gaeilge 'Madame Lazare' ainmnithe do Dhuais Liteartha an AE • Gradaim Tionscail inar ainmníodh/bhuaigh baill: - Gradaim Fhéile na Meán Ceilteach - Gradaim Chumarsáide an Oireachtais - Gradaim IMRO - Gradaim Phodchraoltaí na hÉireann	A newsletter was created for circulation to the Committee members in 2022 so that information on member initiatives could be collated and circulated in a more accessible and visual manner. Three editions were issued in 2022, and the format, frequency and focus of the newsletter will be further developed in 2023. 2022 highlights included: • Information on funding schemes open to members, for example: - Foras na Gaeilge Project Fund - BAI Sound & Vision Scheme and Rounds for 2022 - Glór na nGael Business Scheme • Irish language achievements on the international stage: - Success of Irish language films An Cailín Ciúin, Róise & Frank - Irish Language novel 'Madame Lazare' nominated for EU Literary Prize • Industry Awards in which members were nominated/won awards: - Celtic Media Festival Awards - Oireachtas Communications Awards - IMRO Awards - Irish Podcast Awards • Industry Celebrations/Events:

COISTE COMHAIRLEACH DON GHAEILGE: TUAIRISC 2022

IRISH LANGUAGE ADVISORY COMMITTEE: 2022 REPORT

- Ceiliúradh/Imeachtaí Tionscail:
  - 50 bliain de Raidió na Gaeltachta
  - Athbhrandáil Cúla 4
  - Máirín Nic Dhonnchadha ceaptha mar cheannasaí nua Oireachtas na Gaeilge
  - Comhdháil CIRCOM i nGaillimh
  - Oireachtas na Samhna i gCill Airne
  - Cartlann nua TG4 seolta (Nuacht/Ros na Rún)
- Tionscnaimh tionscail maidir leis an nGaeilge agus leis an gCultúr:
  - Lá na Léiritheoirí TG4
  - Scéimeanna Coimisiúnaithe TG4
  - Mí Cheol na hÉireann ar Stáisiúin Raidió (Hot Press/IBI)
- Forbairtí rialála:
  - Tuarascáil Thodhchaí Choimisiún na Meán
  - Aistriú BAI go Coimisiún na Meán
- An t-Eolas is déanaí ar acmhainní:
  - MLI ag forbairt gluais Ghaeilge do litearthacht sna meáin
  - Dul chun cinn teicneolaíochta – acmhainn téacs-go-caint Abair.ie
- Cúrsaí nua oideachais sa Ghaeilge:
  - Ollscoil Mhá Nuad: MA i dTaibhealaíona agus Traidisiún Bhéil na Gaeilge
  - Gaelchultúr: Dioplóma Gairmiúil i bhFiontair Bheo

Aoichainteoirí a rinne cur i láthair don Choiste le linn 2022

D'fhreastail Susan Kirby (POF Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann) ar chruinniú Mheán Fómhair an Choiste chun nuashonrú a thabhairt ar son Choiste Gaeilge SPI. Tugadh sonraí ar roinnt tionscnamh atá á bhforbairt / á gcur chun cinn ag an gcoiste, lena n-áirítear an Clár Mosaic do léiritheoirí nua ina bhfuil fócas ar leith ar ghuthanna tearcionadaithe, agus obair atá á

- 50th anniversary of Raidió na Gaeltachta
- Cúla 4 rebranding
- Appointment of Máirín Nic Dhonnchadha as new head of Oireachtas na Gaeilge
- CIRCOM Conference in Galway
- Oireachtas na Samhna in Killarney
- Launch of new TG4 archives (News/Ros na Rún)

- Industry initiatives in relation to Irish Language & Culture:
  - TG4 Producers' Day
  - TG4 Commissioning Schemes
  - Irish Music Month on Radio Stations (Hot Press/IBI)
- Regulatory developments:
  - Future of Media Commission Report
  - BAI transition to Coimisiún na Meán
- Resource updates:
  - MLI development of Irish language glossary for media literacy
  - Technological advancements – Abair.ie text-to-speech resource
- New education courses in Irish Language:
  - Maynooth University: Irish Language MA in Performing Arts and Oral Tradition
  - Gaelchultúr: Professional Diploma in Sustainable Business Ventures

Guest speakers who made presentations to the Committee during 2022

Susan Kirby (CEO of Screen Producers Ireland) attended the September Committee meeting to provide an update on behalf of SPI's Irish Language Committee. Details were provided on a number of initiatives the committee is developing / promoting, including the Mosaic Programme for new producers with a specific focus on under-represented voices, and work being done in

COISTE COMHAIRLEACH DON GHAEILGE: TUAIRISC 2022

IRISH LANGUAGE ADVISORY COMMITTEE: 2022 REPORT

déanamh i gcomhar le hArdán agus an National Talent Academy chun tacaíocht phraiticiúil agus deiseanna a sholáthar do thallann scannán agus teilifíse (nua agus reatha) ar fud na tíre, lena n-áirítear cleachtóirí le scileanna Gaeilge. Tá suíomh Gréasáin SPI á fhorbairt chun nuashonrú as Gaeilge a chur ar fáil nuair is cuí, chun tacaíocht an líonra a léiriú d'fhonn an Ghaeilge a chur chun cinn. Leanfaidh coiste LSÉ ar aghaidh le nuacht ar thionscnaimh Ghaeilge a roinnt leis an gCoiste Comhairleach don Ghaeilge ar mhaithe le heolas agus le cur chun cinn.	association with Ardán and the National Talent Academy to provide practical support and opportunities for new and existing film and TV talent across the country, including practitioners with Irish language skills. SPI's website is being developed to include updates as Gaeilge where relevant, to demonstrate the network's support of, and desire to promote, the Irish language. The SPI committee will continue to share news on Irish-language-related initiatives to the Irish Language Advisory Committee for information and promotional purposes.
I mí na Nollag, d'fhreastail ionadaithe ó Ipsos MRBI agus Bricolage ar chruinniú an Choiste chun torthaí Chéim 1 & Chéim 2 de thaighde ar stáisiúin raidió Gaeilge do dhaoine óga a rinneadh in 2022 a chur i láthair.	In December 2022, representatives from Ipsos MRBI and Bricolage attended the Committee meeting to present the findings on Phase 1 and Phase 2 of Irish language youth station research undertaken in 2022.
Ráiteas Deiridh	**Concluding Statement**
Le linn 2022 rinneamar athchuairt ar ár spriocanna mar Choiste agus dhírigh muid ar conas is féidir lenár ngníomhaíochtaí tacú le riachtanais earnála ar bhealach praiticiúil. Gabhaimid buíochas lenár mbaill as an obair leanúnach a chuireann siad isteach sa Choiste. Is léir go bhfuil iarrachtaí móra á ndéanamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn san earnáil fuaime agus closamhairc, ní hamháin ag an gCoiste Comhairleach don Ghaeilge, ach i measc a chomhchoistí Coiste Gaeilge SPI agus foghrúpa Gaeilge MLI. Táimid ag tnúth le cur leis an obair agus leis an méid a baineadh amach in 2023, bliain a bheidh lán le hathruithe uaillmhianacha agus suntasacha do rialáil na meán tar éis achtú an Achta um Shábháilteacht ar Líne agus um Rialáil na Meán 2022 agus bunú an rialtóir meán nua Coimisiún na Meán atá le teacht. Táimid ag tnúth le deiseanna leanúnacha spreagúla don Ghaeilge a thapú i dtimpeallacht meán atá ag síorathrú.	2022 was a year in which we revisited our goals as a Committee and focused on how our actions can support sectoral needs in a practical way. We thank our members for their ongoing contributions to the work of the Committee. It is evident that great efforts are being made to promote Irish Language within the audio and audiovisual sector, not only by the Irish Language Advisory Committee, but among its fellow-committees SPI Irish Language Committee and MLI Irish Language sub-group. We look forward to building on this work and achievements in 2023, a year of ambitious and significant change for media regulation following the enactment of the Online Safety and Media Regulation Act 2022 and the upcoming establishment of a new media regulator Coimisiún na Meán. We look forward to embracing the ongoing and exciting opportunities for Irish language in an ever-evolving media environment.
Fionnuala Murphy (BAI), **Shane Ó hEidhin (Foras na Gaeilge),** **Comhchathaoirligh an Choiste, 2022**	**Fionnuala Murphy (BAI),** **Shane Ó hEidhin (Foras na Gaeilge),** **Committee Co-Chairs, 2022**